Dublin City Council
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

*NA FODHLÍTHE UM PÁIRCEANNA AGUS SPÁSANNA OSCAILTE 2002.*

**FODHLÍTHE CHUN ÚSÁID AGUS TAITNEAMH PÁIRCEANNA AGUS SPÁSANNA OSCAILTE A RIALÁIL, ARNA nDÉANAMH DE BHUN CHUMHACHTAÍ AN ACHTA RIALTAIS ÁITIÚIL, 1994.**

CLÁR ÁBHAIR


1. TEIDEAL

2. LÉIRMHÍNIÚ

3. PÁIRCEANNA A OSCAILT AGUS A DHÚNADH

4. GNÍOMHARTHA COISCTHE

   4.1 IONTRÁIL NEAMHÚDARAITHE
   4.2 DRUGAÍ
   4.3 BRUSCAR
   4.4 GLOINE ETC.
   4.5 GRAIFÍTÍ
   4.6 TRÁCHT, ROTHAIR, CLÁIR SCÁTÁLA ETC.
   4.7 AINMHITHE
   4.8 NEAMHORD/NÚIS PHOIBLÍ
   4.9 LOITIMÉIREACHT
   4.10 CLÓIS SÚGARTHA DO PHÁISTÍ
   4.11 SRUTHCHÚRSAÍ
   4.12 CARBHÁIN, PUBAILL ETC.
   4.13 TRÁDÁIL
   4.14 LÉIRITHE CEOIL, DAMHSAÍ, etc.
   4.15 CLUICHÍ AGUS LÚTHCHLEASAÍOCHT
   4.16 AIRM THINE
   4.17 TINTE CNÁMH, BEÁRBAICIÚNNA ETC.
   4.18 BAC
   4.19 AERÁRTHACH MÚNLA ETC

5. PLANDLANNA, TITHE GLOINE, GRIANÁIN

6. PAILLIÚIN, FOSCADÁIN etc.

7. CEADÚNAIS

8. CEAD A DHIULTIÚ

9. CIONTA

10. DÁTA TOSAITHE

***FODHLÍTHE ARNA nDÉANAMH AG COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH (DÁ nGAIRTEAR "AN CHOMHAIRLE" ANSEO FEASTA) I bhFEIDHMIÚ NA gCUMHACHTAÍ ATÁ DÍLSITHE DI LE CUID VII DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL 1994 MAIDIR LE RIALÚ AGUS RIALÁIL ÚSÁID PÁIRCEANNA, SPÁSANNA OSCAILTE AGUS TAILTE SÚGARTHA ÁINEASA ATÁ FAOI ÚINÉIREACHT, FAOI RIALÚ, NÓ FAOI CHÚRAM NA COMHAIRLE CIBÉ ACU OSCAILTE NÓ FAOI IAMH.***

Tá na Fodhlíthe seo i bhfeidhm chun a chinntiú go n-úsáidtear páirceanna, spásanna oscailte agus tailte súgartha áineasa agus a n-áiseanna a mhéid is féidir, ar bhealach sábháilte agus compordach agus chun páirceanna, spásanna oscailte agus tailte súgartha áineasa a chuirtear ar fáil mar áis phoiblí a chosaint agus chun meas agus aird a spreagadh i measc úsáideoirí ionas go mbainfear an oiread taitneamh agus is féidir astu.

**1. TEIDEAL**

Féadtar Fodhlíthe um Páirceanna agus Spásanna Oscailte Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2002 a thabhairt ar na Fodhlíthe seo.

**2. LÉIRMHÍNIÚ**

Sna Fodhlíthe, mura dtugann an comhthéacs a mhalairt le fios, beidh an bhrí a thugtar do na focail agus nathanna seo a leanas, faoi seach, acu feasta, is é sin:

**(a)** Áirítear le "páirc" páirceanna, spásanna oscailte agus tailte súgartha áineasa, faoi úinéireacht, á rialú nó faoi úinéireacht Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, bíodh siad oscailte nó iata.

**(b)** Áirítear le "Spás Oscailte" gach talamh, spás oscailte, gairdín agus trá atá dílsithe don Chomhairle nó faoi rialú na Comhairle, agus gach talamh oscailte atá á bainistiú ag an gComhairle chun áiseanna a sholáthar do chluichí agus do chaitheamh aimsire.

**(c)** Ciallaíonn "Comhairle" Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

**(d)** Áirítear le "Fostaí nó Gníomhaire na Comhairle" gach Ceannfort, Oifigeach Maoirseachta, Maor Páirce, nó duine eile atá fostaithe ag agus údaraithe go cuí ag an gComhairle.

**(e)** Áirítear le "uiscí" aibhneacha, inbhir, sruthanna, lochanna, linnte, bíodh siad saorga nó nádúrtha, taiscumair, canálacha etc.

**(f)** Ciallaíonn "druga rialaithe" aon substaint, táirge nó ullmhóid a shonraítear sa sceideal leis an Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 nó aon acht nó rialacháin lena leasaítear sin.

**(g)** Áirítear le "capall" asal agus miúil.

**(h)** Ciallaíonn "cead na Comhairle" cead i scríbhinn a fháil ó dhuine údaraithe.

**(i)** Tá an bhrí chéanna ag "Ceadúnas" a bhíonn ag "Cead na Comhairle".

**(j)** Ciallaíonn "Duine Údaraithe" duine atá údaraithe i scríbhinn ag údarás áitiúil.

**(k)** Ciallaíonn "Áitreabh Íogair do Thorann" maoin chónaithe, ospidéal, scoil, séipéal nó teach altranais.

## 3. PÁIRCEANNA A OSCAILT AGUS A DHÚNADH

Beidh an pháirc ar oscailt ar na laethanta siúd agus i rith na n-uaireanta a shocróidh an Chomhairle ó thráth go chéile.

## 4. GNÍOMHARTHA COISCTHE

### 4.1 IONTRÁIL NEAMHÚDARAITHE

**(a)** Ní iontrálfaidh aon duine neamhúdaraithe nó ní fhanfaidh aon duine neamhúdaraithe in aon pháirc nuair a bhíonn sí dúnta.

**(b)** Ní iontrálfaidh ná ní fhágfaidh aon duine aon Pháirc seachas trí na geataí nó trí oscailtí eile a sholáthraítear don chuspóir sin.

**(c)** Ní dhiúltóidh aon duine Páirc ná spás oscailte a fhágáil nuair a iarrfaidh fostaí nó gníomhaire den Chomhairle, nó comhalta de chuid an Gharda Síochána, air/uirthi déanamh amhlaidh.

**(d)** Ní rachaidh aon duine isteach ná ní fhanfaidh sé in aon pháirc ná spás oscailte, ná in aon chuid d'aon pháirc nó spás oscailte atá curtha ar leithligh ag an am chun críche aon chluiche nó caitheamh aimsire, ach amháin daoine a bheidh ag glacadh páirte sa chluiche nó sa chaitheamh aimsire sin.

**(e)** Ní bheidh feidhm ag Fodhlí 4.1(d) maidir le lucht féachana ag aon chluiche nó taispeántas i gcás ina bhféadfar na suímh sin in aon pháirc nó spás oscailte nó cuid de a chur ar leataobh do lucht féachana.

**(f)** Ní bhaineann na fodhlíthe atá leagtha amach i 4.1(a) agus 4.1(b) le fostaithe nó le gníomhairí na Comhairle nó le comhaltaí den Gharda Síochána agus iad i mbun a ndualgais.

### 4.2 DRUGAÍ

**(a)** Ní rachaidh duine faoi thionchar drugaí rialaithe isteach in aon pháirc nó spás oscailte ná ní fhanfaidh sé ann.

**(b)** Ní dhéanfaidh aon duine drugaí rialaithe ná tuaslagóirí a ithe, a instealladh, a ionanálú, a ionsú ar shlí eile ná a bheith ina sheilbh acu i bpáirc nó i spás oscailte.

## 4.3 BRUSCAR

Ní thabharfaidh aon duine aon mhír bhruscair, mar a mhínítear san Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997, isteach, a thaisceadh, a chaitheamh ná a fhágáil in aon pháirc nó spás oscailte ach amháin i ngabhdáin dá bhforáiltear chuige sin.

## 4.4 GLOINE ETC.

Ní bhrisfidh aon duine in aon pháirc nó spás oscailte aon ghloine, poirceallán nó rud eile dá leithéid.

## 4.5 GRAIFÍTÍ

Ní dhéanfaidh aon duine aon suíochán, geata**,** tobar, dealbh, struchtúr, fógra ná clár fógraí ná aon mhaoin ná feistis in aon pháirc ná spás oscailte a dhíobháil, a mhilleadh, graifítí a scríobh orthu ná a mharcáil.

## 4.6 TRÁCHT, ROTHAIR, CLÁIR SCÁTÁLA ETC.

**(a)** Ní dhéanfaidh aon duine úsáid a bhaint clár scátála, scáta rollála, scátáil ar lanna, nó feithicil eile ná rothaíocht a dhéanamh orthu in aon pháirc nó spás oscailte ach amháin ar cibé bealaí agus i gcibé áiteanna a ainmneoidh an Chomhairle chun na críche sin.

**(b)** Ní fhágfaidh aon duine aon fheithicil gan mhaoirsiú in aon pháirc nó spás oscailte, ach amháin sna háiteanna a chuirfear ar leataobh mar áiteanna stad nó páirceála.

**(c)** Ní dhéanfaidh aon duine seachas fostaithe nó gníomhairí de chuid na Comhairle feithicil mheicniúil a thiomáint ná a bheith ina phaisinéir in aon pháirc nó spás oscailte ach amháin ar bhealaí údaraithe.

**(d)** Ní dhéanfaidh aon duine feithicil nach feithicil mheicniúil í a rothlú in aon pháirc nó spás oscailte ach amháin ar bhealaí údaraithe.

**(e)** Ní bheidh feidhm ag Fodhlí 4.6(a) agus 4.6(d) maidir le:

(1) rothair nó trírothaigh a rothlú ag páistí faoi bhun 10 mbliana d’aois a bhfuil duine fásta leo agus atá faoi chúram an duine fásta

(2) rothair trí úsáid a bhaint as lánaí rothaíochta ainmnithe.

**(f)** Gach duine lena mbaineann Fodhlíthe 4.6(a), 4.6(c) agus 4.6(d), stopfaidh sé nuair a iarrfar air sin le comhartha nó ar shlí eile ag fostaí nó gníomhaire de chuid na Comhairle nó comhalta den Gharda Síochána.

**(g)** Is deich gciliméadar san uair an teorainn luais do gach feithicil ar bhealaí údaraithe in aon pháirc nó spás oscailte.

**4.6** **(h)** Ní dhéanfaidh aon duine in aon pháirc ná spás oscailte aon fheithicil, gluaisrothar, scútar ná móipéid a thiomáint ná a úsáid in aon slí chun teagasc a thabhairt nó a fháil maidir leis an bhfeithicil sin a thiomáint, a bhainistí nó a dheisiú.

**(i)** Ní dhéanfaidh duine ar bith in aon pháirc ná spás oscailte scrambáil ghluaisrothair ach amháin i limistéar arna ainmniú ag an gComhairle chun na críche sin.

**(j)** Ní bheidh feidhm ag fo-dhlíthe 4.6 (c) agus 4.6 (d) maidir le cathaoireacha rothaí, naíchóistí ná feithiclí comhchosúla a ghluaistear, a tharraingítear nó a thiomáintear de láimh nó go meicniúil agus a úsáidtear go heisiach chun leanaí nó daoine faoi mhíchumas a iompar.

**(k)** Ní bheidh feidhm ag na fo-dhlíthe atá leagtha amach i 4.6 (a) go 4.6 (d) go huile agus 4.6 (h) maidir le fostaithe ná gníomhairí na Comhairle ná le comhaltaí den Gharda Síochána agus iad i mbun a ndualgais.

**4.7** **AINMHITHE**

**(a)** Ní chuirfidh aon duine faoi deara ná ní cheadóidh d'aon chapall mar a mhínítear san Acht um Rialú Capall 1996 dul isteach in aon pháirc nó spás oscailte nó fanacht ann.

**(b)** Ní rachaidh aon duine ag innilt in aon pháirc ná spás oscailte, ná ní cheadóidh d'aon eallach, caoirigh, capall ná ainmhí eile dul ar strae nó fanacht in aon spás oscailte gan cead i scríbhinn ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin.

**(c)** Ní dhéanfaidh aon duine capall a threorú, a chur ar siúl, a chur ar sodar ar adhastar traenála, a cheansú ná marcaíocht a dhéanamh orthu in aon pháirc ná spás oscailte gan cead i scríbhinn ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin agus ansin amháin ar na bealaí a ainmneoidh an Chomhairle chun na críche seo, ó am go ham.

**(d)** Cuirfidh gach duine atá i gcúram madra in aon pháirc nó spás oscailte cosc air an madra crá a chur ar aon duine a úsáideann an pháirc nó an spás oscailte nó a bhfuil imní air sa pháirc nó sa spás oscailte.

**(e)** Beidh gach duine a thugann madra isteach in aon pháirc nó spás oscailte freagrach as a iompar agus beidh sé faoi dhliteanas i leith aon damáiste nó díobhála a dhéanfaidh sé. Ní mór d'aon duine a thugann madra isteach in aon pháirc nó spás oscailte é a bhaint den pháirc nó den spás oscailte má ordaíonn fostaí nó gníomhaire de chuid na Comhairle é.

**(f)** Ní dhéanfaidh aon duine, in aon pháirc ná spás oscailte, fiach le firéad gan cead i scríbhinn ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin.

**(g)** Ní bheidh feidhm ag fodhlíthe 4.7(a), 4.7(c) agus 4.7(e) maidir le comhaltaí den Gharda Síochána agus iad i mbun a ndualgais.

## 4.8 NEAMHORD/NÚIS PHOIBLÍ

**(a)** Ní dhéanfaidh aon duine cur isteach, bagairt, crá, nó troid le haon duine ná cur isteach ar aon duine eile atá ag úsáid nó ag baint taitneamh as aon pháirc nó spás oscailte.

**(b)** Ní dhéanfaidh aon duine, in aon pháirc ná spás oscailte, impigh, bheith ag cearrbhachas, úsáid teanga graosta nó garbh, iad féin a iompar go mígheanasach nó ar shlí eile ina chúis le crá.

**(c)** Ní dhéanfaidh aon duine in aon pháirc ná spás oscailte uirlisí ceoil, raidió, steiréó etc., a sheinm ar cibé leibhéal torainn is cúis le núis agus torann agus measfar gur núis é sa chás seo cibé uair atá sé chomh hard, chomh leanúnach, chomh hatrialach, nó ar feadh tréimhse chomh fada nó ar airde chomh mór sin, nó ag amanna mar sin gur cúis réasúnach crá é.

**(d)** Ní dhéanfaidh aon duine aon ghunna, steallaire, catapalt ná ionstraim eile a scaoileadh ná a scairdeadh in aon pháirc ná spás oscailte ná aon chloch nó diúracán a chaitheamh ná a scaoileadh.

**(e)** Ní thógfaidh ná ní aistreoidh aon duine aon ithir, gaineamh, gairbhéal, cloch ná adhmad as aon pháirc ná spás oscailte ach amháin le cead i scríbhinn ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin.

**(f)** Ní dhéanfaidh aon duine in aon pháirc ná spás oscailte aon ainmhí marbh a chur ná a fhágáil inti.

**(g)** Le linn imeachta ceoil/ceolchoirme ag leibhéil torainn páirce arna dtomhas ag aghaidh aon áitribh atá íogair ó thaobh torainn de, ní sháróidh sé an leibhéal torainn cúlra níos mó ná 10 ndeicibeil, dB(A), thar thréimhse 15 nóiméad.

## 4.9 LOITIMÉIREACHT

**(a)** Ní dhéanfaidh aon duine aon mhaoin ná feistis in aon pháirc ná spás oscailte a bhaint, a dhíláithriú ná aon damáiste a dhéanamh dóibh ná a chur faoi deara.

**(b)** Ní chaithfidh aon duine aon diúracán sa pháirc chun díobháil a dhéanamh do mhaoin nó chun aon duine eile nó fiadhúlra a chur i mbaol laistigh den pháirc.

**(c)** Ní dhéanfaidh aon duine aon chrann, tor, planda ná féar atá ag fás in aon pháirc nó spás oscailte a mhilleadh ná díobháil a dhéanamh dóibh ná aon bhláth ná aon toradh ar aon chrann, tor nó planda atá ag fás ann a stoitheadh, a ghearradh ná a bhaint.

**(d)** Ní dhéanfaidh aon duine aon pháirc imeartha, faiche ná cúirt in aon pháirc nó spás oscailte a mhilleadh ná aon díobháil ná damáiste a dhéanamh dóibh.

**(e)** Ní thógfaidh aon duine ó aon pháirc ná spás oscailte, aon éan, nead éin ná uibheacha éin
(1) is ní dhíothóidh sé/sí iad, ní dhéanfaidh sé/sí díobháil dóibh nó buaireamh a chur orthu ná ní chuirfidh sé/sí isteach orthu ná ní chuirfidh sé/sí isteach ar shlí eile orthu
(2) ná aon iasc in uisce a bhaint as.

**(f)** Ní shiúlfaidh aon duine ar cheapacha bláthanna, rosáin, plandálacha nó tailte iata eile sa pháirc nó spás oscailte.

**(g)** Ní dhéanfaidh aon duine,in aon pháirc ná spás oscailte, dreapadh ar aon chrann ná tor, ná dreapadh ar aon chlaí, ráille ná balla, ná ar aon tobar, dealbh, struchtúr ná foirgneamh.

**(h)** Ní dhéanfaidh aon duine in aon pháirc ná spás oscailte seasamh ar aon suíochán ná aon rud a chur air a dhéanfaidh é a thruailliú ná a chuirfidh, nó a d'fhéadfadh a chur, míchompord ar aon duine den phobal.

## 4.10 CLÓIS SÚGARTHA DO PHÁISTÍ

**(a)** Ní rachaidh aon duine os cionn dhá bhliain déag d'aois isteach ná fanacht in aon pháirc ná spás oscailte ná in aon chuid d'aon pháirc ná spás oscailte atá curtha ar leataobh mar pháirc shúgartha do leanaí.

**(b)** Ní úsáidfidh aon duine os cionn dhá bhliain déag d'aois aon cheann den trealamh ná de na fearais imeartha in aon chlós súgartha do leanaí in aon pháirc nó spás oscailte a shonraítear le fógra mar cheann atá le húsáid ag leanaí dhá bhliain déag d'aois nó faoina bhun amháin.

**(c)** Ní bheidh feidhm ag fodhlí 4.10(a) maidir le haon duine atá freagrach, de thuras na huaire, as leanbh faoi bhun 13 nó atá ina dteannta atá ag baint úsáid as an gclós súgartha.

## 4.11 SRUTHCHÚRSAÍ

**(a)** Ní dhéanfaidh aon duine folcadh in aon cheann de na huiscí in aon pháirc nó spás oscailte ach amháin in aon limistéar a bheidh ainmnithe chuige sin ag an gComhairle.

**(b)** Ní dhéanfaidh aon duine scátáil ar uisce reoite aon locha, linne nó sruthchúrsa sa pháirc nó i spás oscailte ná aon sruthchúrsa den sórt sin a shalú nó a thruailliú.

**(c)** Ní úsáidfidh aon duine bád, rafta ná árthach dá samhail ar aon sruthchúrsa in aon pháirc ná spás oscailte ach amháin le cead i scríbhinn roimh ré ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin.

**(d)** Ní dhéanfaidh aon duine iascaireacht in aon chuid d'aon pháirc nó spás oscailte, ach amháin le cead i scríbhinn ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin.

**(e)** Ní dhéanfaidh aon duine in aon pháirc ná spás oscailte maidí, clocha ná substaintí d'aon chineál a chaitheamh ná a chur isteach in aon ghné uisce, ná cúis le salú nó truailliú uisce.

**(f)** Ní rachaidh aon duine isteach in aon pháirc ná spás oscailte ná ní rachaidh ar aon ghné uisce gan cead i scríbhinn ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin.

## 4.12 CARBHÁIN, PUBAILL ETC.

**(a)** Ní chuirfidh aon duine aon phuball nó ní dhéanfaidh aon duine campáil in aon chuid den pháirc, seachas le cead i scríbhinn ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin.

**(b)** Ní chuirfidh nó ní choimeádfaidh aon duine aon charbhán nó feithicil chodlata in aon chuid den pháirc, seachas le cead i scríbhinn ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin.

## 4.13 TRÁDÁIL

**(a)** Seachas le cead i scríbhinn ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin, ní dhéanfaidh aon duine aon tráchtearra nó seirbhís d'aon sórt dá laghad a dhíol, a thairiscint, a nochtadh lena dhíol sa pháirc nó ní thaispeánfaidh aon duine aon chomhartha, póstaer, bileog, nó fógra eile sa pháirc nó ní thabharfaidh aon duine sa pháirc faoin ngnó ina nglactar grianghraif d'íocaíocht.

**(b)** Seachas le cead i scríbhinn ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin, ní ghearrfaidh aon duine, eagraíocht, club, etc. aon táille ar pháirt a ghlacadh in nó féachaint ar aon chluiche, spórt nó taispeántas.

**(c)** Ní chuirfidh aon duine aon chathaoir nó suíochán sa pháirc nó sa spás oscailte lena fhruiliú, seachas le cead i scríbhinn ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin.

**(d)** Ní dhéanfaidh aon duine aon fhógraíocht a thaispeáint ná aon phictiúr, bille, plaiceard, banna, tract nó fógra a chur suas, a thaispeáint, a cheangal, a dhathú nó a scríobh le cailc i ngach spás oscailte nó ar aon bhalla, claí nó fál a chuimseoidh aon pháirc ná spás oscailte gan cead I scríbhinn ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin.

**(e)** Ní dhéanfaidh aon duine in aon pháirc nó spás oscailte capall nó ainmhí eile ná aon fheithicil a fháil ar cíos nó a ligean amach.

**(f)** Ní úsáidfidh aon duine in aon pháirc ná spás oscailte aon chineál ceamara chun críche gnó nó d'fhonn gnóthú a fháil, gan cead i scríbhinn ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin.

## 4.14 LÉIRITHE CEOIL, DAMHSAÍ, etc.

Ní dhéanfaidh aon duine, ach amháin le cead i scríbhinn ón gComhairle agus faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh an Chomhairle, a sheolfaidh nó a ghlacfaidh páirt in aon léiriú ceoil (gutha nó uirlise), damhsa, ceolchoirm nó siamsaíocht nó scannán eile dá samhail chun críocha tráchtála in aon chuid d'aon spás oscailte.

## 4.15 CLUICHÍ AGUS LÚTHCHLEASAÍOCHT

**(a)** Ní eagróidh ná ní ghlacfaidh aon chlub nó eagraíocht páirt i gcluiche peile nó in aon chluiche nó lúthchleasaíocht eile ach amháin i gcibé áiteanna in aon pháirc nó spás oscailte a chuirfidh an Chomhairle I leataobh chun na críche sin agus ansin amháin faoi réir agus de réir cibé coinníollacha a leagfaidh an Chomhairle amach ó am go ham nó de réir mar a ordóidh fostaí de chuid na Comhairle.

**(b)** Ní eagróidh ná ní ghlacfaidh aon duine, club ná eagraíocht páirt sa chluiche peile ná in aon chluiche nó lúthchleasaíocht eile nuair a mheasann fostaí de chuid na Comhairle nach bhfuil an talamh oiriúnach don úsáid sin.

**(c)** Ní imreoidh aon duine an cluiche gailf nó cruicéad ná ní chleachtfaidh aon ghné den chluiche in aon chuid d'aon pháirc nó spás oscailte, ach amháin sna limistéir sin atá ainmnithe go sonrach chun na gcríoch sin.

**(d)** Féadfaidh aon duine, club nó eagraíocht a sháraíonn aon cheann d'fhorálacha fhodhlí 4.15(a) nó 4.15(b) na háiseanna imeartha a tharraingt siar.

**(e)** Ní dhéanfaidh aon duine gníomhú ná iompar ar bhealach a chuirfidh cosc ar imirt cluiche peile nó aon chluiche lúthchleasaíochta nó a chuirfidh isteach air in aon pháirc nó spás oscailte atá ainmnithe ag an gComhairle chun na críche sin.

## 4.16 AIRM THINE

Ní thabharfaidh aon duine aon arm tine, aerghunna, crann tabhaill nó aon arm eile isteach sa pháirc, seachas le cead i scríbhinn na Comhairle do chomórtas faofa nó chun comórtas faofa a chleachtadh agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin.

## 4.17 TINTE CNÁMH, BEÁRBAICIÚNNA ETC.

Ní dhéanfaidh aon duine aon tine chnámh, tine ná beárbaiciú ná ní lasfaidh aon tinte ealaíne in aon pháirc ná spás oscailte, ach amháin le cead i scríbhinn roimh ré ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin.

### 4.18 BAC

**(a)** Ní chuirfidh aon duine in aghaidh aon fhostaí den Chomhairle nó duine eile i bhfeidhmiú a d(h)ualgais, ná ní chuirfidh sé/sí aon bhac air/uirthi nó isteach air/uirthi nó ní thabharfaidh aon duine neamhaird ar a t(h)reoracha dleathacha.

**(b)** Ní chuirfidh aon ní sna Fodhlíthe seo isteach ar obair ná ar dhualgas ar bith a bhaineann le haon pháirc nó spás oscailte a dhéanann fostaithe nó gníomhairí na Comhairle, conraitheoir a bhfuil tasc tugtha dó ag an gComhairle, nó fostaí ar bith de chuid conraitheora den sórt sin.

### 4.19 AERÁRTHACH MÚNLA ETC

Ní oibreoidh aon duine in aon pháirc ná spás oscailte aon aerárthach múnla ná aon fheithicil mheicniúil ach amháin le cead i scríbhinn ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin.

## 5. PLANDLANNA, TITHE GLOINE, GRIANÁIN

Ní cheadófar d'aon duine, gan cead i scríbhinn ón gComhairle, dul isteach ná fanacht in aon naíolann ná in aon teach gloine ná in aon grianán in aon pháirc ná spás oscailte, ach amháin nuair a bhíonn an naíolann, an teach gloine ná an grianán sin oscailte don phobal.

## 6. PAILLIÚIN, FOSCADÁIN etc.

**(a)** Ní dhéanfar pailliúin, foscadáin agus foirgnimh eile in aon pháirc nó spás oscailte a úsáid, ach amháin le cead i scríbhinn ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin, ar shlí seachas chun na gcríoch dá bhforáiltear iad.

**(b)** Ní dhéanfaidh aon duine uisce a chaitheamh thart ar na seomraí, seile a chaitheamh nó bruscar a fhágáil ar an urlár, nó a lot aon chuid d'aon phailliún, foscadán nó foirgneamh in aon pháirc nó spás oscailte, ná iompar ar shlí eile a chuirfidh isteach ar aon chuairteoirí ann nó a chuirfidh míchompord orthu.

**(c)** Ní sháróidh aon duine in aon pháirc ná spás oscailte aon rialachán de chuid na Comhairle maidir le gaireas agus trealamh (lena n-áirítear taisceadáin agus áiseanna eile) nó cóiríocht feistis arna soláthar nó arna cothabháil ag an gComhairle.

## 7. CEADÚNAIS

Tabharfar aon chead a thugtar d'aon duine, club nó eagraíocht chun aon duine, club nó eagraíocht díobh siúd aon chuid den pháirc a áitiú go heisiach agus/nó go sonrach I gcomhréir leis na coinníollacha is cuí leis an Chomhairle agus aird ar na cúinsí in aon chás ar leith.

## 8. CEAD A DHIULTIÚ

Féadfaidh an Chomhairle cead a dhiúltú le haghaidh ***ceadúnais*** chun aon cheann de na críocha a luaitear sna fodhlíthe seo má mheasann sí nach ceart ceadúnas a dheonú, ag féachaint do charachtar an iarratasóra, líon na ndaoine a bhfuil ceadúnais den chineál a ndearnadh iarratas orthu cheana féin, agus do chompord agus d'áisiúlacht ghinearálta na gcuairteoirí ar aon pháirc nó spás oscailte.

## 9. CIONTA

**(a)** Beidh sé dleathach d'aon Duine Údaraithe nó d'aon chomhalta den Gharda Síochána chun na fodhlíthe seo a chur i bhfeidhm agus chun aon duine a eisiamh nó a bhaint d'aon chuid den pháirc a sháraíonn na fodhlíthe thuas agus chun dul i mbun aon bhearta eile a údaraítear faoin dlí.

**(b)** Beidh duine a sháraíonn foráil de na fodhlíthe seo ciontach i gcion agus beidh sé/sí faoi dhliteanas ar é/í a chiontú achomair fíneáil a íoc nach mó ná €1,200.

**(c)** Má leantar le foráil de na fodhlíthe seo a shárú i ndiaidh ciontú, beidh an duine is cúis leis an sárú ciontach i gcion breise agus beidh sé/sí faoi dhliteanas, ar é/í a chiontú achomair, fíneáil a íoc nach mó ná €120 in aghaidh an lae.

**(d)** Má chuireann aon duine bac nó srian ar nó má dhiúltaíonn sé/sí iarraidh a dhéanann comhalta den Gharda Síochána nó duine údaraithe a chomhlíonadh a ghníomhaíonn i bhfeidhmiú na bhfeidhmeanna a bhronntar sna fodhlíthe seo ar dhuine údaraithe, ciontach i gcion.

**(e)** Sa chás go bhfuil duine údaraithe nó comhalta den Gharda Síochána faoin tuairim go bhfuil cion á dhéanamh nó go ndearna duine lena mbaineann na fodhlíthe seo cion, féadfaidh an duine údaraithe nó an Garda, de réir mar a bheidh, ainm agus seoladh an duine sin a éileamh agus má dhiúltaítear an téileamh seo nó má thugann an duine ainm nó seoladh atá bréagach nó míthreorach, beidh an duine ciontach i gcion.

**(f)** Sa chás go bhfuil comhalta den Gharda Síochána faoin tuairim go bhfuil cion á dhéanamh nó go ndearna duine lena mbaineann na fodhlíthe seo cion, féadfaidh an comhalta sin an duine a ghabháil gan bharántas.

**(g)** Féadfaidh an Chomhairle nó comhalta den Gharda Síochána cion faoi na fodhlíthe seo a ionchúiseamh.

**(h)** I gcás ina bhfuil duine údaraithe nó comhalta den Gharda Síochána den tuairim go bhfuil cion á dhéanamh nó go ndearnadh é faoi na fodhlíthe ***seo***, féadfaidh an duine údaraithe nó comhalta den Gharda Síochána fógra a sheirbheáil ar an duine sin, ina sonrófar íocaíocht sheasta, i leith sárú ar fhodhlí mar mhalairt ar ionchúiseamh i leith an tsáraithe agus i gcás ina bhforálfar amhlaidh sa bhfodhlí sonrófar ann—

(i) méid na híocaíochta seasta, agus
(ii) an tréimhse ina gcaithfear í a íoc chun ionchúiseamh a sheachaint.

Is é €63.00 méid na híocaíochta seasta is infheidhme maidir leis an bhfógra íocaíochta seasta

## 10. DÁTA TOSAITHE

Tiocfaidh na fodhlíthe seo i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2002.